- Easpa cuairteanna oscailte teaghlaigh le linn thréimhse choinneála an duine óig agus tarraingt siar a phribhléidí mar thoradh ar smachtbhannaí ag eascairt ó thuarascálacha P19.

Tar éis réamhscrúdú substainteach a dhéanamh ar an ngearán, lena n-áirítear cruinniú leis an duine óg agus leis an teaghlach tar éis é a scaoileadh as an institiúid, chinn an OCO go raibh dóthain faisnéise ar fáil chun cinneadh a dhéanamh.

Bhí imní ar an OCO nár cuireadh an tuismitheoir ar an eolas faoi ionsaí a tharla ar a mac. Bhí imní uirthi freisin nár cuireadh eolas imleor ar fáil do theaghlaigh faoi chuireanna príosúin. Rinne an OCO moltaí, a chuir sí faoi bhráid Ghobharnóir Institiúid Naomh Pádraig bunaithe ar na cúiseanna imní seo.

Moltaí

Mhol an OCO go ndéanfaí scrúdú arís ar an gceist faoi chuireanna teaghlaigh a dhiúltú do dhaoine san institiúid mar ghníomh smachta. I bhfianaise leochaileacht daoine óga faoi bhun 18 i dtimpeallacht ina bhfuil siad faoi choinneáil, tá an OCO den tuairm gur chóir go dtacófaí leis an teagmháil leis an teaghlach agus go n-éascófaí an teagmháil sin agus nár chóir d'úsáid an P19 mar ghníomh smachta dul i bhfeidhm go míréireach ar na cuairteanna sin.

Bhí Gobharnóir Institiúid N. Pádraig dearfach mar gheall ar na moltaí agus leasaigh sé na treoracha don fhoireann tar éis mholtaí an OCO a fháil i ndáil le teagmháil le tuismitheoirí, le cumarsáid a bheith níos soiléire agus le go ndéanadh Seirbhís Príosúin na hÉireann scrúdú arís ar úsáid P19.

Gearán i ndáil le riachtanais mheabhairshláinte ag duine óg in Institiúid N. Pádraig

An gearán

Rinne máthair teagmháil leis an OCO faoina mac, a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois agus a bhí faoi choinneáil in Institiúid N. Pádraig. Bhain an chéad chomhfhreagras uathí le cúiseanna imní a bhí aici faoi fholláine shíciatrach a mic – ar tráchtadh air agus an breitheamh ag gearradh tréimhse phríosúnachta air. Bhí sí buartha freisin faoi ghiuirléidí pearsanta a mic ag an bpríosún agus faoin gcaoi a raibh na hoifigigh sa phríosún ag caitheamh leis tar éis gur cuireadh ina leith gur ionsaigh sé ball d'fhoireann an phríosúin.

Imscrúdú an OCO

Sa chéad teagmháil ag an Oifig le húdaráis an phríosúin bhí na húdaráis ina ann a léiriú don Oifig go rabhthas ag freastal ar riachtanais shíciatracha an duine óig sa phríosún, agus go rabhthas tar éis é a atreorú chuig seirbhísí síciatracha Institiúid N. Pádraig agus go raibh sé tar éis freastal ar a choinní leis na seirbhísí sin ó thosaigh a thréimhse san institiúid.

Mar sin, dhírigh an OCO go príomha ar an ngearán leis an bpríosún gur cuireadh ionsaí i leith an duine óig agus d'fhiosraigh an OCO an t-imscrúdú a rinne an príosún i ndiaidh na líomhna sin. Lorg an Oifig sonraí faoi chóras inmheánach imscrúdaithe na hOifige agus faoin gcaoi a ndearna siad imscrúdú ar an ionsaí líomhanta agus ina dhiaidh sin scríobh sí chuig institiúid N. Pádraig ag cur in iúl nach raibh sí sásta le gnéithe áirithe den imscrúdú inmheánach a rinne siad.

Sa mhéid gur bhain an gearán le líomhaintí gur ionsaigh an duine óg oifigigh sa phríosún, mhol an OCO go ndéanfadh an Gobharnóir an cheist a atreorú chuig Cigire na bPríosúin agus go ndéanfaí athscrúdú ar an ngearán trí úsáid a bhaint as córas láimhseála gearán nua Chatagóir A atá i bhfeidhm ag Seirbhís Príosún na hÉireann, a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2012.

Glacadh leis an moladh seo agus chomh luath agus a bhí imscrúdú déanta ar an ngearán trí Chatagóir A faoi ghnáthaimh nua SPÉ, rinne an Oifig seo athbhreithniú ar thuarascáil an imscrúdaithe sin. Scríobh an OCO chuig Ard-Stiúrthóir SPÉ ag cur in iúl go raibh roinnt saincheistanna ar ghá imscrúdú breise a dhéanamh orthu.

Bhí an OCO sásta leis na torthaí agus leis na moltaí a rinneadh sa chéad tuarascáil eile i ndáil le dea-chleachtas a bheadh le leanúint amach anseo.



Imscrúduithe

Seo thíos roinnt de na imscrúduithe a d'fhoilsigh an Oifig in 2013.

FSS – pleanáil agus soláthar iarchúraim

An gearán

Fuarthas gearán ó ghairmí a bhí ag obair le duine faoi mhíchumas intleachtach, agus a bhí 17 mbliana d'aois. Bhain an gearán le pleanáil agus soláthar iarchúraim a chuir Feidhmeannacht na Seirbhís Sláinte ar fáil. Bheadh an duine óg seo 18 i gceann dhá mhí agus chuir an gearánach in iúl go raibh imní uirthi faoin mhoill fhada agus faoin éiginnteacht leanúnach i ndáil le hoideachas agus socrúchán cónaitheach a sholáthar don duine óg. Ag an uair bhí an duine óg ag cónaí in ionad cónaitheach de chuig FSS do leanaí faoi chúram agus bhí an gearánach den tuairim, mar gheall ar mhíchumas an duine óig, go raibh gá síneadh a chur le tréimhse an tsocrúcháin ionas go bhféadfaí an duine óg a ullmhú leis an aistriú chuig iarchúram. Cibé scéal é, ní fhéadfaí é sin a cheadú go dtí go mbeadh socrúchán oiliúna/ oideachais faighte leis na Seirbhísí Míchumais.

Imscrúdú

Rinne an Oifig imscrúdú mar a ndearnadh athbhreithniú ar na comhaid chúig go léir agus mar ar reáchtáladh cruinnithe leis an ngearánach, leis an duine óg, lena haonad cónaitheach, le Rannóg Oibre Sóisialaí FSS, le seirbhísí míchumais FSS, le seirbhísí Cónaitheacha do Leanáí FSS agus leis an soláthraí seirbhísí iarchúraim ainmnithe ag FSS. Chinn an Oifig:

- Nár breithníodh iarchúram go dtí go raibh an duine óg beagnach 17 mbliana d'aois agus ní raibh sé sin ag teacht le beartas náisiúnta seirbhísí iarchúraim FSS maidir le fágáil agus iarchúram ina ndearbhaítear gur chóir tosú ar an bpleanáil chomh luath agus a shroicheann an duine óg 16 mbliana d'aois.
- Nár tugadh cuireadh do na Seirbhísí Míchumais páirt a ghlacadh sa phleanáil don iarchúram ag céim luath den phleanáil sin. Níor tugadh iad isteach sa scéal go dtí 7 mí roimh 18ú breithlá an duine óig. Chomh maith leis sin, níor ghlac na Seirbhísí Míchumais páirt ghníomhach sa phleanáil tar éis dóibh an cuireadh a fháil bheith páirteach.
- Nár chuir na Seirbhísí Míchumais isteach ar shocrúchán cónaitheach chomh luath agus a cuireadh iad ar an eolas faoi riachtanais an duine óig. Tar éis an t-iarratas seo a fháil, cuireadh ar feitheamh é i bhfianaise síneadh neamhcheadaithe a chur le socrúchán cónaitheach reatha an duine óig.
- Go raibh moill ann iarratas foirmiúil a dhéanamh don síneadh le socrúchán reatha cónaitheach an duine óig.

Chinn an Oifig go raibh gníomhartha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tar éis tionchar díobhálach a bheith acu ar an leanbh agus mar thoradh air sin nach raibh sé soiléir cén plean iarchúraim a bhí ann don duine óg. Cuireadh moill chomh maith le réiteach a fháil ar a cás. Go háirithe, gníomhartha nó neamhgníomhartha na Seirbhísí Míchumais i ndáil le cóiríocht chuí, thráthúil a fháil, rud a chuir moill leis an bplean iarchúraim agus a chuir leis an éiginnteacht.

Toradh

Tá an duine óg seo anois i gcóiríocht thacaithe, cuireadh é/í i dteagmháil le raon seirbhísí agus tá cúnaimh á chur ar fáil dó/di chun cuidiú leis/léi scileanna don mhaireachtáil neamhspleách a fhorbairt.

D'athdhearbhaigh FSS a thiomantas i leith a chinntiú go ndéantar daoine óga a atreorú chuig seirbhísí iarchúraim tráth atá cóngarach go leor ó thaobh ama dá 16ú breithlá, de réir an bheartais iarchúraim. Chomh maith leis sin, d'eagraigh FSS cruinnithe leis na Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh, leis na Seirbhísí Míchumais agus leis na Seirbhísí Meabhairshláinte chun a chinntiú go mbeadh comhoibriú ann agus iad ag aithint riachtanais na leanaí faoi chúram ag céim luath agus chun ról agus freagrachtaí a shoiléiriú do na seirbhísí agus chun na seirbhísí sin a sholáthar.

De bhun mholtaí na hOifige seo, cuireadh plean iarchúraim i bhfeidhm don duine óg, a áiríonn soláthar cóiríochta/socrúcháin ainmnithe dó/di chomh maith le breisoideachas/breisoiliúint. Aistríodh í chuig árasán féin chuimsitheach atá buailte le teach arna rith ag soláthraí áitiúil seirbhíse míchumais.

FSS – cosaint agus leas leanaí

An gearán

Chuir Ball den Fhoireann Oibre Sóisialta sa Laoi Thuaidh gearán faoi bhráid na hOifige seo. Bhain an gearán le líon na gcásanna a bhain le leas agus cosaint leanaí a fuair an fhoireann dualgais agus na deacrachtaí a bhí acu freagairt don líon ard sin. Maíodh go raibh líon suntasach daoine óga ag feitheamh ar sheirbhís oibre sóisialta agus cé go rabhtas ag freastal ar dtús ar na leanaí is mó i mbaol, bhí líon ard leanaí i mbaol nach raibh siad in ann freastal orthu toisc easpa foirne. Tráth a ndearna siad teagmhail leis an Oifig seo bhí 147 cás ann nár sannadh oibre sóisialta dóibh agus d'áirigh sé sin cásanna le stádas Tosaíochta 1 d'fhaillí agus de mhí-úsáid ghnéasach.

Imscrúdú

Rinne an Oifig imscrúdú mar a ndearnadh athbhreithniú ar cháipéisíocht agus mar ar reáchtáladh cruinníú leis an ngearánach agus le hionadaithe ó réigiún Náisiúnta Theas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Leagadh béim san imscrúdú ar roinnt cúiseanna móra imní lena n-áirítear:

- An líon cásanna ar an gcóras dualgais nach raibh oibrí sóisialta sannta dóibh – ceist a d'ardaigh an lucht bainistíochta Oibre Sóisialta go mion minic ó bhí 2007 ann.

- Cumas FSS an leibhéal iomchuí d’iarchúram a sholáthar do dhaoine a atreoraíodh mar sin chomh maith le hamlínte do chur i gcrích na bhfiosruithe tosaigh agus an measúnuithe tosaigh. Léirigh sé seo go raibh moill mhór le coinní a shocrú le leanaí agus a dteaghlaigh mar chuid den phróiseas seo.
- An tionchar ag an ualach oibre sóisialta. Díol suntais é gur mhol lucht áitiúil bainistíochta FSS i mí Márta 2010 nach raibh sé indéanta cleachtas oibre sábháilte, maith a sholáthar i réimse na hoibre sóisialta mar thoradh ar an ualach oibre.

Rinne an OCO roinnt moltaí a d’áirigh na moltaí seo a leanas:

- Go ndéanfaí iniúchadh seachtrach ar cháschomhaid mar ábhar práinne;
- Go sainaithneofaí aon bhearta ba ghá chun a chinntiú go bhféadfaí freagairt go hiomchuí agus go tráthúil do chásanna;
- Go mbeadh ionadaíocht mar ba chóir ag cásanna dualgais agus iontógála sa chomhad don iniúchadh;
- Go ndéanfaí soiléiriú ar na gnáthaimh cosanta leanaí i ndáil le seiceálacha líonra a dhéanamh;
- Go mbeartófaí ar an tsamhail/modh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ualach oibre;
- Go gcuirfí feabhas ar an taifeadadh ar ghníomhaíocht ghairmiúil chun a chinntiú go mbeadh taifid chun dáta ann den ghníomhaíocht chliniciúil agus
- Go gcinnteofaí go mbeadh faisnéis chomhaimseartha ar fáil ar an gcóras cosanta leanaí chomh maith le cuntasacht phoiblí trí mheán na nAthbhreithnithe Leorgachta.

Toradh

Ghlac FSS leis na moltaí go léir agus chuir siad in iúl cad iad na céimeanna a bhí i gceist acu a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an scéal.

Sa fhreagra ó FSS áiríodh sonraí maidir leis na nithe seo a leanas: tabhairt isteach beartas iniúcháireachta comhad a áireoidh cásanna dualgais agus iontógála; tá athbhreithniú náisiúnta ar siúl ar leithdháileadh cásanna oibre sóisialta; tá grúpa oibre náisiúnta ag dul i ngleic le cad is ualach oibre réasúnta ann agus cuireadh moladh chun tosaigh maidir leis sin le go ndéanfaí é a fhaomhadh ar an leibhéal náisiúnta; tá obair leanúnach ar siúl i ndáil le feabhas a chur ar thaifeadadh na gníomhaíochta gairmiúla ar an leibhéal áitiúil agus tríd an córas nua náisiúnta ríomhairithe a úsáideann Oibrithe Sóisialta.

Tugadh isteach an tionscadal “Measuring the Pressure” le linn an imscrúdaithe mar a ndéantar sonraí a bhailiú gach mí ó fhoirne oibre sóisialta d’fhonn tomhas a dhéanamh ar an éileamh agus ar an soláthar ag céim an dualgais/an atreoraithe.

Ar deireadh thiar, is gá anailís riachtanas a dhéanamh i ndáil le cad iad na hacmhainní is gá agus cad é an t-atheagrú eagraíochta a mbeidh gá leis, nó aon treoir bhreise, chun dul i ngleic leis na heasnamh a sainaithníodh.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na moltaí, ar cuireadh tús leis i mí na Nollag 2013, scríobh an Oifig seo chuig an nGníomhaireacht um Leanáí agus an Teaghlach chun béim a leagan ar na cúiseanna imní faoin líon ard cásanna a bhí á n-atreorú chugainn, faoin ngá a bhí le modh bainistithe ualaigh oibre agus faoin ngá le soiléiriú a fháil ar na gnáthaimh don líonra chun a chinntiú go mbeifí ag cloí le Children First.

An Roinn Oideachais agus Scileanna – soláthar múinteoireachta acmhainne

An gearán

Fuair an Oifig dhá ghearán ó fhoinsí éagsúla ach a bhí bainteach lena chéile ó dhá mháthair a rinne gearán ar son na leanaí acu agus go háirithe faoi ghníomhartha de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna. Bhain an gearán acu le nár áiríodh Siondróm Down mar chatagóir ísealmhnicíochta den chatagóir riachtanais speisialta oideachais i gcritéir na Roinne.

I gcás go meastar leanbh a bheith sa chatagóir ísealmhnicíochta míchumais, bronnar uaireanta breise teagaisc acmhainne ar scoil do riachtanais an linbh áirithe sin. Faigheann na scoileanna na huaireanta breise sin anuas ar na blocuaireanta a fhaigheann siad faoin tSamhail Ghinearálta Leithdháileacháin (SGL) chun freastal ar leanbh le minicíocht ard míchumais.

Faoi SGL, tugtar blocuaireanta teagaisc do scoileanna bunaithe ar mhéid na scoile agus ar ghnéithe eile amhail inscne agus míchumas socheacnamaíoch sa scoil. Déantar na blocuaireanta seo a leithdháileadh ar scoileanna agus ansin beartaíonn na scoileanna féin ar conas freastal ar riachtanais na leanaí le minicíocht ard riachtanas speisialta. D'fhéadfaí an soláthar sin a dhéanamh trí theagasc i ngrúpaí beaga nó trí thacaíocht indibhidiúil a sholáthar don leanbh.

Mhaígh an bheirt tuismitheoirí nár cuireadh san áireamh, sa chóras reatha leithdháilte acmhainní teagaisc atá dírithe ar leanaí le míchumas éadrom, leanaí le Siondróm Down agus an tionchar aige sin ar a gcuid oideachais. Bhí an bheirt leanaí ag fáil tacaíocht oideachais trí SGL. Chuir na tuismitheoirí in iúl go raibh imní orthu nach raibh an teagasc i ngrúpaí beaga ag soláthar dóthain ama ionas go bhfretalófaí ar riachtanais speisialta a leanaí. Mhaígh siad freisin nár sainíodh leibhéal na tacaíochta arna soláthar trí SGL agus nach raibh sé ag brath ar líon na leanaí a raibh gá acu leis an tacaíocht sin. Is é sin le rá, ba chuma cibé acu an raibh tacaíocht de dhíth ar leanbh amháin nó ar 15 leanbh, ní chuirtear ach an méid céanna tacaíochta ar fáil.

Imscrúdú

Rinne an Oifig imscrúdú ar ghníomhartha na Roinne i ndáil le riar an tsoláthair do riachtanais speisialta oideachais do leanaí le Siondróm Down a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna príomhshrutha.

Ag eascairt ón imscrúdú cinneadh an méid seo a leanas:

- Theip ar an Roinn Oideachais agus Scileanna socruithe a bhunú agus a choinneáil i bhfeidhm chun sruth eolais leanúnach a sholáthar le go mbeadh an Roinn ar an eolas go

hiomlán faoi dhul chun cinn leanaí le riachtanais speisialta oideachais lena n-áirítear go bhfreastalófaí ar leanaí le Siondróm Down faoi SGL.

- Theip ar an Roinn amscálaí a shocrú agus a bhainistiú do chur i gcrích éifeachtach athbhreithniú SFL. Tráth ar bunaíodh é in 2005, chuir an Roinn in iúl go ndéanfaí athbhreithniú tar éis 3 bliana de SFL a bheith i bhfeidhm. Cé gur tosaíodh an t-athbhreithniú féin in 2008, ghlac sé tuairim is 3 bliana é a chur i gcrích.
- Cuireadh moill shuntasach ar an Roinn maidir le tús a chur le gníomh críochnaitheach chun inniúchadh a dhéanamh ar chúiseanna imní tromchúiseacha arna n-ardú ag na Páirtithe Oideachais (go háirithe NCSE, NEPS, IPPN agus INTO) in athbhreithniú SGL agus chomh maith leis sin an aighneacht a rinne Down Syndrome Ireland i mí Dheireadh Fómhair 2010.
- Gníomhartha na Roinne i ndáil leis na nithe thuasluaite sa mhéid a ndeachaigh siad i bhfeidhm ar leanaí le Siondróm Down.

Mhol an Oifig seo gur chóir don Roinn:

1. Soláthar imleor a dhéanamh láithreach lena n-áirítear modh an tsoláthair. An toradh air seo a fhoilsiú go poiblí, lena n-áirítear aon amscálaí bainteacha don chur i bhfeidhm.
2. Tuarascáil Athbhreithniú SGL a fhoilsiú chomh maith leis na gníomhartha atá beartaithe a chur i gcrích nó idir lámha chun na moltaí a thagann chun solais a chur i bhfeidhm, maille leis na hamscálaí bainteacha.
3. Socruithe a dhéanamh chun monatóireacht lárnach a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag bearta breise tacaíochta ar dhul chun cinn oideachais na leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, Siondróm Down san áireamh.
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar ghnáthaimh ionas go bhféadfaí breithniú a dhéanamh ar aon saincheistanna a thioctadh chun cinn i ndáil leis an gcatagóir riachtanais speisialta agus dul i ngleic leo go tráthúil.

Toradh

Mar fhreagra air seo mhol an Roinn go mbunóidís Meitheal chun togra a fhorbairt do shamhail nua leithdháilte acmhainní a dhíreoidh ar acmhainní breise leithdháileadh ar leanaí de réir a leibhéil riachtanais seachas de réir na catagóire míchumais. Tá an Oifig ar an eolas, bunaithe ar ráiteas ón Aire, go bhfuil sé i gceist ag an Meitheal tuairisc a chur ar fáil ag deireadh an earraigh 2012 agus gur dócha go nglacfaidh sé bliain eile ina dhiaidh sin na moltaí go léir a chur i bhfeidhm. Pointe dearfach le meabhrú ná dearcadh NCSE go n-éireoidh leis an tsamhail nua a thabharfar isteach deacrachtaí a shárú a bhaineann le freastal ar leanaí faoi mhíchumais éadroma foghlama, lena n-áirítear leanaí le Siondróm Down, a bhfuil deacrachtaí sa bhreis acu agus ar ghá freastal orthu de réir a leibhéil riachtanais.

Ina dhiaidh sin scríobh an tOmbudsman do Leanáí chuig an gComhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Cosaint Shóisialta chun cúiseanna imní a chur in iúl maidir leo seo a leanas:

- an chaoi a mbeidh tionchar aige seo go léir ar leanaí le Siondróm Down san idirlinn agus an chaoi a rachaidh sé i bhfeidhm ar a gcumas an pháirt is mó agus is féidir a ghlacadh sa bhunscolaíocht phríomhshrutha.
- leorgacht na dtograí ag an Roinn i ndáil le monatóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag tacaí breise. Sa mhéid go bhfuil samhail nua de leithdháileadh acmhainní le tabhairt isteach, tá an tOmbudsman do Leanaí den tuairim go bhfuil gá le meicníochtaí lárnacha monatóireachta d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar an tsamhail agus ar an gcur chuige nua. Ní féidir dul i ngleic go sásúil le ceist an tsoláthair chothroim seirbhíse ach trí mhonatóireacht lárnach mar sin a dhéanamh.

An Roinn Oideachais agus Scileanna – soláthar oideachais

An gearán

Fuair an OCO gearán freisin ó Chaomhnóir ad Litem (GAL) i ndáil le soláthar oideachais do leanbh dealaithe a bhí ag iarraidh tearmainn. Ag an uair bhí an leanbh 13, agus eisiadh an leanbh sin go buan ón scoil. D'ainneoin go ndearna an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) agus oibrí sóisialta an linbh iarratas le tuairim is 30 scoil sa scoilcheantar agus go ndearnadh achomharc amháin Alt 29, níor éirigh leo áit scoile a fháil don leanbh. Cheadaigh an Roinn naoi huair in aghaidh na seachtaine de Theagasc sa Bhaile (de réir Chiorclán M29/95 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna is é 28 n-uair na huairanta íosta teagaisc in aghaidh na seachtaine in iar-bhunscoil) le haghaidh an linbh le linn na tréimhse seo. Mhaígh SGL gur theip ar an Roinn ina freagracht áit scoile a sholáthar don leanbh agus go raibh tionchar díobhálach ag an eisiadh neamhdheonach seo ón scoil ar fhorbairt shóisialta agus acadúil an linbh.

Imscrúdú

Mhaígh an Roinn go raibh sí toileánach go ndéanfaí achomharc Alt 29 in aghaidh gach cinn de bheagnach 30 scoil a dhiúltaigh áit a chur ar fáil don leanbh agus nach bhfuil aon fhreagracht orthu ná aon mhodh acu chun iallach a chur ar scoil glacadh le haon leanbh. Cibé scéal é, is é dhá mhí an fad caighdeánach ama a thógann sé Achomharc amháin Alt 29 a chur i gcrích agus ní féidir dhá cheann a bheith ar siúl i gcomhthráth lena chéile. De bhreis air sin, mhaígh an Roinn go bhféadfadh FSS bheith tar éis iarratas a dhéanamh an líon uaireanta de Theagasc sa Bhaile a mhéadú sa chás seo go dtí breis is 9 n-uair in aghaidh na seachtaine, cé nach raibh faisnéis faoin gcineál sin de réiteach ar fáil go héasca.

Toradh

Tugadh áit scoile don leanbh seo tar éis dhá bhliain lasmuigh den chóras agus dar leis na tuairiscí tá ag éirí go maith leis, tar éis tús deacair.

Chinn an OCO go raibh tionchar díobhálach ag an neamhláithreacht dhá bhliain scoile ar an leanbh. Mhol an OCO go ndéanfaidh an Roinn, i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, beartas sonracha maidir le soláthar oideachais a fhorbairt do leanaí faoi chúram. Chinn an OCO freisin go mbeadh sé iomarcach líon ard d'achomhairc Alt 29 a dhéanamh agus go gcuirfeadh sé sin ualach riaracháin rómhór ar FSS agus ar an Roinn

agus mhol sé freisin go mbeadh próiseas malartach achomhairc ann mar chuid den Bhille Oideachais (Ligean Isteach ar Scoil). Tá na moltaí seo go léir á mbreithniú ag an Roinn mar cuid den chomhairliúchán leanúnach faoin mBille seo.

Chomh maith leis sin, measadh go raibh cur i bhfeidhm docht fhorálacha na Scéime um Theagasc sa Bhaile mar idirghabháil ghearrthéarmach, thar thréimhse dhá bhliain, ina chleachtas neamh-inmhianaithe riaracháin agus moladh go ndéanfaí athbhreithniú ar fheidhmiú agus ar riar na Scéime sin. Tá sé seo fós á bhreithniú ag an Roinn.

An Scéim um Cúram agus Oideachas na Luath-óige (SCOL) – soláthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu

An gearán

Fuair an Oifig gearán ó thuismitheoir linbh a bhfuil riachtanais speisialta aige i ndáil le soláthar SCOL – idir infhaighteacht an dara bliain agus tacaí do chuimsiú an linbh sa réamhscoil. Bhí an leanbh ag freastal ar an réamhscoil ag an uair ach ansin ní raibh sé in ann freastal ar an réamhscoil go lánaimseartha mar nach raibh na tacaí riachtanacha ar fáil.

Imscrúdú

I bhfianaise na gceisteanna a d'ardaigh an gearánach i ndáil le cuimsiú an linbh sa réamhscoil agus an tionchar díobhálach a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar an leanbh, breathnaíodh ar an nithe seo a leanas san imscrúdú:

- gníomhartha Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ina dhiaidh sin) i ndáil leis an teip cead a thabhairt don leanbh leas a bhaint as an dara bliain ar an réamhscoil faoi SCOL; an chaoi ar cuireadh eolas faoin scéim in iúl; an leibhéal idirchaidrimh, comhoibrithe agus cumarsáide a bhí ann idir OMCYA agus FSS i ndáil leis an scéim.
- gníomhartha FSS i ndáil le hinfaighteacht tacaíochta réamhscoile; an fháil ar sholáthar malartach; agus an leibhéal idirchaidrimh, comhoibrithe agus cumarsáide a bhí ann idir OMCYA agus FSS i ndáil leis an scéim.
- gníomhartha na hOifige um Míchumas agus Meabhairshláinte i gcomhordú na cuimsitheachta réamhscoile do leanaí faoi mhíchumas.

Sa mhéid gur bhain an gearán le ról dhá chomhlacht phoiblí i soláthar seirbhíse “aontaithe” réamhscoile don leanbh, dhírigh an t-imscrúdú ní hé amháin ar ghníomhartha na gcomhlachtaí poiblí faoi seach, ach ar an gcomhordú trasearnála a bhí follasach i ngníomhartha na gcomhlachtaí poiblí a bhféadfaí a mheas go raibh tionchar acu ar chuimsiú an linbh.

Ar cheann de na saincheisteanna a sainaithníodh trí mheán an imscrúdaithe bhí an neamhchomhseasmhacht sa leibhéal tacaíochta ar fáil ar bhonn náisiúnta; go háirithe an cúnamh tacaíochta réamhscoile chun a chinntiú go ndéanfaí leanaí faoi mhíchumas a chuimsiú a mhéad agus is féidir ar scoil.

I mí Aibreáin 2010 bunaíodh Meitheal trasearnála chun creat a fhorbairt d'imeascadh leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna réamhscoile. Chinn an Mheitheal seo go mbíonn an-éagsúlacht ann i gcineál agus méid na tacaíochta a chuireann FSS ar fáil ar fud na tíre. Cinneadh dá réir maidir leis na socruithe reatha do chuimsiú leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna réamhscoile nach raibh na seirbhísí sin comhsheasmhach agus anuas air sin, nach raibh siad cothrom agus nach raibh siad ag freastal go himleor ar riachtanais leanaí. Rinneadh roinnt moltaí maidir le cur i gcrích na tuarascála.

Le linn imscrúdú an OCO tugadh faoi deara nach raibh aon dul chun cinn déanta ar na moltaí seo. Amhail mí Márta 2013, 2 bhliain tar éis an chruinnithe dheireanaigh leis an Meitheal, ní raibh aon phlean don chur i bhfeidhm dréachtaithe go fóill, ní raibh aon amlíne ar bun agus ní rabhthas tar éis teacht ar aon chomhaontú faoi cén Roinn a dhéanfadh stiúradh ar an gcur i bhfeidhm.

Toradh

De bhun an imscrúdaithe cuireadh SCOL ar fáil don leanbh don dara bliain ar bhonn pro rata agus fuair an leanbh tacaí cúnamh réamhscoile don dara bliain ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Mhol an OCO go nglacfaí céimeanna chun dul chun cinn a dhéanamh ar na nithe a bhí fós le socrú ag eascairt as moltaí na Meithle. Mar fhreagra air sin cuireadh in iúl don Oifig gur bunaíodh foghrúpa ar a mbeadh an Roinn Sláinte, Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun mionscrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil agus chun breithniú níos sonraí a dhéanamh ar na moltaí. Thosaigh an foghrúpa seo ag teacht le chéile i mí Bealtaine 2013.

Rinneadh dul chun cinn i ndáil le roinnt moltaí, go háirithe maidir le hoiliúint agus gnóthú scileanna i measc na foirne réamhscoile. Chomh maith leis sin, tá gealltanais i gCreat Náisiúnta Beartais do Leanaí agus Daoine Óga 2014-2020 maidir le plean a fhorbairt do chuimsiú leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna réamhscoile príomhshrutha agus an dara bliain réamhscoile saor in aisce a thabhairt isteach chomh luath agus a bhaintear amach caighdeán cháilíochta agus ar an gcoinníoll go bhfuil na hacmhainní ar fáil chuige.

Cibé scéal é, chuir an Oifig a míshástacht in iúl maidir leis an easpa dul chun cinn i ndáil le tuarascáil na Meithle go háirithe ar cheist an tsoláthair oideachais réamhscoile do leanaí a bhfuil cúram agus tacaíocht fhisiceach de dhíth orthu. Scríobh an Oifig ina dhiaidh sin chuig Ard-Rúnaí na Roinn Sláinte agus na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá an mheitheal athbhunaithe fós ag teacht le chéile agus níl réiteach faighte ar an scéal seo go fóill.

Cás-staidéir

FSS – An Scéim um Thinneas Fadtéarmach (TF)

An gearán

Fuair an OCO gearán faoi mháthair bheirt bhuachaillí óga a bhfuil Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde orthu. I mí an Mheithimh 2013, diúltaíodh leabhair Tinnis Fhadtéarmaigh don bheirt bhuachaillí. Mhínigh sí go raibh cóir leighis ag teastáil ón mbeirt acu chun cuidiú leo a n-aird a choinneáil ar an obair agus iad ar scoil agus ní raibh sé d'acmhainn aici íoc as na gcóir leighis agus as na hidirghabhálacha gan tacaíocht ón scéim TF.

Mhínigh an mháthair an réasúnaíocht ba bhun le gur dhiúltaigh FSS an tacaíocht seo di agus go rabhtas tar éis treoir a thabhairt do gach ball de FSS i meabhrán a scaipeadh an 1 Bealtaine 2013 stop a chur le heisiúint leabhair TF do chliaint nua bunaithe ar dhiagnóis Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnaimh Airde ón dáta sin amach. An chúis a tugadh ná go rabhtas ag breithniú cibé acu an bhféadfaí ADHD a rangú mar thinneas meabhairshláinte faoin Scéim nó nach bhféadfaí agus bhí an cheist seo curtha faoi bhráid na Roinne Sláinte. Déanfar é seo a bhreithniú i gcomhthéacs athbhreithniú na Scéime TF mar chuid den Chlár Rialtais.

Imscrúdú an OCO

Chuir an Oifig seo cúiseanna imní na Máthar faoi bhráid FSS Náisiúnta agus rinne réamhscrúdú ar an ngearán. Mar fhreagra air sin, luaigh FSS, mar fhreagra ar an OCO, go raibh athbhreithniú á dhéanamh ar na critéir incháilitheachta le haghaidh an Chárta TF agus go raibh sé i gceist acu treoirlínte náisiúnta a fhorbairt agus a eisiúint do riar comhsheasmhach na Scéime TF roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2013. Gheall siad go ndéanfaidís scrúdú athuair ar iarratas na máthar ag an staid sin.

Mar chríoch lena rannpháirt sa scéal, rinne an Oifig roinnt moltaí maidir leis na treoirlínte nua oibríochtúla i ndáil le ADHD agus leis an scéim Tinnis Fhadtéarmaigh.

Luaigh an Oifig go raibh cúiseanna imní aige faoin tíochar a bheadh aige seo ar theaghlaigh sa mhéid go raibh éagothroime ann idir na hiarratasóirí nua agus reatha sa mhéid gur cuireadh ar fionraí gach iarratas nua fad is atá an t-athbhreithniú idir lámha.

Toradh

Mar thoradh ar idirghabháil Oifig an Ombudsman do Leanaí, tugadh chun tosaigh iarratais na beirte agus ceadaíodh iad faoi na treoirlínte nua oibríochtúla.

Luaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte gur bogadh ar aghaidh go mear na hiarratais a bhí ar fionraí ó eisíodh na treoirlínte oibríochtúla. Chomh maith leis sin, ghlac FSS lenár moltaí i ndáil le hamscála réasúnta a shocrú do chur i gcrích aon athbhreithnithe amach anseo agus chuir FSS in iúl don OCO go raibh foirm iarratais nuashonraithe náisiúnta ann anois agus go raibh an fhoirm sin á cur i gcrích faoi láthair agus go rabhtas ag súil go gcuirfeadh an fhoirm sin comhsheasmhacht ar fáil.

Is mian le hOifig an Ombudsman do Leanaí aitheantas a thabhairt do na céimeanna réamhghníomhacha, dearfacha a ghlac Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ina leith seo.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Seirbhísí Míchumais

An gearán

Baineann an gearán le duine óg faoi mhíchumas trom intleachta. Chuir a tuismitheoir in iúl nach bhfuil aon urlabhra ná tuiscint ag an iníon agus go mbíonn taomanna aici gach lá. D'fhreastail an duine óg seo ar sheirbhís faoisimh ach ní raibh an tseirbhís sin in ann freastal ar a riachtanais a thuilleadh agus atreoraíodh na tuismitheoirí chuig Bainisteoir Míchumais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun comhairle agus maoiniú a fháil le go bhféadfaidís dul i ngleic le riachtanais an linbh.

Chuir na tuismitheoirí síos ar an easpa tacaíochta agus ar phráinn an scéil agus go mb'fhéidir nach mbeadh aon dul as acu ach a n-iníon a fhágáil thar oíche sa tseirbhís faoisimh seo cé nach raibh an tseirbhís sin in ann freastal ar riachtanais a n-iníne.

Imscrúdú an OCO

Ina comhfhreagras le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte d'fhiosraigh an Oifig seo cibé acu an raibh sé beartaithe acu iarracht réiteach a fháil ar an scéal ar an leibhéal áitiúil i bhfianaise an chaidrimh leanúnaigh idir iad agus an teaghlach i ndáil le soláthar tacaíochta agus teiripí don duine óg seo. Mhol an Oifig seo go ndéanfadh an gearánach agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarracht caidreamh a bhunú arís ar bhealach comhoibritheach ag féachaint le réiteach a fháil ar dheacrachtaí an teaghlach seo. Mhol an OCO d'Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte breithniú a dhéanamh ar na cúiseanna imní a ardaíodh agus ar an ngá a bhí ann le plé oscailte, iontaofa idir an dá pháirtí.

Toradh

Ghabh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leithscéal leis an máthair as an moill freagairt dá gearán ag an tús agus gheall siad go ndéileálfai leis an gcás mar ábhar práinne. Eagraíodh cáschruinniú go luath ina dhiaidh sin chun cinntí a dhéanamh maidir le riachtanais an duine óig seo agus chun aontú ar conas freastal ar na riachtanais sin ar an mbealach is oiriúnaí agus ab fhéidir.

D'aontaigh FSS maoiniú a sholáthar do mheasúnú bliana cónaitheach le gníomhaireacht phríobháideach sláinte ag féachaint le cúram comhroinnte a sholáthar fad is a bheadh an idirghabháil ar siúl. Chuir an tuismitheoir in iúl gur athraigh sé seo an saol dá teaghlach agus go bhfuil sí den tuairim nach dtarlódh sé sin ach go ndearna an Oifig seo idirghabháil.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – áiteanna speisialta réamhscoile a sholáthar

An gearán

Fuair an OCO gearán ó mháthair, thar ceann a hiníne trí bliana d'aois, a bhfuil roinnt ríochtaí éagsúla uirthi a théann i bhfeidhm ar a forbairt. Mar thoradh air sin, bíonn gá aici le Teiripe Urlabhra agus Teanga, le Teiripe Saothair agus le Fisiteiripe. Bhí an gearánach ag súil go mbeadh an deis ag a hiníon freastal ar réamhscoil speisialta i réigiún FSS Theas, áit a

mbeadh fáil aici ar theiripí cuí. Cibé scéal é, d'aineoinn gur chomhlíon sí na critéir go léir le go mbeadh cead aici freastal ar réamhscoil agus d'aineoinn go raibh sí ar an liosta feithimh le tamall fada, níor tairgíodh áit di.

Bhí imní ar leith ar an máthair faoin úsáid a bhaint á bhaint ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte as an bhfoirm, 'Priority Rating for Pre Schools', chun leanaí a chur in ord tosaíochta do réamhscoileanna speisialta sa limistéar. Bhí an gearánach den tuairim go ndearna an fhoirm idirdhealú éagórach ar roinnt leanaí, ó thaobh míchumais agus ar bhonn sóisialta de araon. Anuas air sin, mhaígh sí go ndéanann an córas scórála idirdhealú éagórach ar theaghlaiha a dhéanann iarracht an scéal a fheabhsú dá leanaí.

Imscrúdú an OCO

Chuir an Oifig seo cúiseanna imní na máthar faoi bhráid FSS agus rinne réamhscrúdú ar an ngearán. Dar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sháraigh an t-éileamh an líon áiteanna ar fáil, agus chuir siad in iúl go raibh ionadaithe ó gach disciplín páirteach i bhforbairt an Chórais Tosaíochta d'Áiteanna Réamhscoile chun bainistiú a dhéanamh ar iarratais agus chun áiteanna a chur in ord tosaíochta. Chuir siad in iúl freisin go ndéanfaidís athbhreithniú ar an gcóras ar bhonn bliantúil, agus go gcuirfidís an t-aiseolas a gheobhadís san áireamh.

Toradh

Mar thoradh ar idirghabháil an OCO, leasaíodh na critéir chun leanaí a chur in ord tosaíochta d'áit réamhscoile – go háirithe an fhoclaíocht agus an scóráil ar an gcuid chuí ionas go mbeidís níos cothroime do gach leanbh a bhí ag iarraidh áit a fháil ar réamhscoil speisialta.

Ag an gcéad chruinniú tosaíochta eile, sannadh áit ar an leanbh i réamhscoil do mhí Mheán Fómhair 2013.

An Roinn Coimirce Sóisialaí – iarratas ar Liúntas Míchumais

An gearán

Rinne an OCO athbhreithniú ar ghearán i gcoinne na Roinne Coimirce Sóisialaí (RCS) a rinne máthair ar son a hiníne, ar diúltaíodh Liúntas Míchumais di tar éis achomharc a dhéanamh leis an Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh (OALS). Tá a hiníon 16 bliana d'aois agus tá sí faoi mhíchumas meánach foghlama. Cé go maítear sna tuarascálacha gairmiúla go bhfuil sí ag freastal ar scoil speisialta ar bhonn sóisialta, seachas ar bhonn acadúil, diúltaíodh dá hiarratas ar an mbonn go raibh sí ag freastal ar scoil.

Tar éis don RCS an Liúntas Míchumais a dhiúltú ar dtús, chuir an mháthair tuarascálacha leighis cúig OALS chun tacú lena hachomharc. Dearbhaíodh sna tuarascálacha seo nach mbeadh sé riamh ar chumas a hiníne na Scrúduithe Stáit a dhéanamh; ní raibh sa scoil ach cineál Teiripe Saothair, agus ar an mbonn sin ba chóir an liúntas a thabhairt di. Dar le OALS, níor ceadaíodh an t-achomharc ar an bhforas gur féidir an Liúntas Míchumais a íoc 'le duine atá srianta go substaintiúil i ndéanamh oibre a bheadh oiriúnach don té sin, murach an míchumas, ag tagairt dá n-aois, dá dtairgí agus dá gcáilíochtaí.' Dar leis an OALS, bhí an

duine óg ag freastal ar scoil, a bhí ina ghairm iomchuí do dhuine den aois agus taithí sin agus leis na cáilíochtaí sin.

Imscrúdú an OCO

Chuir an Oifig tús le scrúdú tosaigh ar an ngearán agus scríobh chuig an RCS agus chuig OALS. Rinne an Oifig iarracht a dhéanamh amach cén réasúnaíocht ba bhun leis an gcaoi a raibh siad ag caitheamh leis an scoil amháil is dá mba gairm nó fostaíocht a bhí i gceist. Mar fhreagra ar fhiosruithe an OCO, dúirt OALS, tar éis dóibh an scéal a bhreithniú, go mbaineann an scéim Liúntais Míchumais le fostaíocht sa mhargadh oscailte. Luaigh siad, sa mhéid nach gcoisceann an reachtaíocht faighteoir Liúntais Míchumais ar rochtain a fháil ar oideachas, go raibh an chomparáid a rinne siad idir an scoil agus fostaíocht ina chomparáid mhícheart. De bhreis air sin, bhí go leor fianaise leighis ann a thabharfadh le fios go raibh srian substaintiúil ar an duine óg agus nach bhféadfadh sí obair a dhéanamh, ag tagairt dá haois, dá taithí agus dá cáilíochtaí, a d'fhéadfadh sí a dhéanamh d'éagmais a míchumais.

Toradh

De bhun réamhscrúdú an OCO, rinne an Príomhoifigeach Achomharc in OALS leasú ar an gcinneadh tosaigh agus cheadaigh achomharc na máthar. Ceadófar an Liúntas Míchumais dá hiníon anois ar bhonn seachtainiúil agus íocfar na riaráistí ó dháta a 16ú breithlái i leith (dáta ar cháligh sí don scéim). Mar sin, gheobhaidh a hiníon tuairim is €15,000 d'íocaíochtaí siarghabhálacha.

Tithíocht Údarás Áitiúil

An gearán

Bhain an gearán seo le gur theip ar an údarás áitiúil cóiríocht mhalartach a sholáthar do theaghlach d'ainneoin go raibh cúiseanna imní tromchúiseacha leanúnacha ann faoi fholláine agus faoi shábháilteacht a n-iníne, 15 bliana d'aois, atá faoi mhíchumas meánach foghlama, dá bhfanfaidís sa tithíocht ina bhfuil siad faoi láthair.

Bhí an teaghlach ar liosta feithimh, ó mhí Aibreáin 2010, le go n-aistreofaí iad chuig tithíocht nua agus ba dhuine óg a n-iníon a bhí i mbaol páirt a ghlacadh in iompraíocht ardbhaoil. Bhí cúiseanna imní ann go raibh úsáid ghnéasach á bhaint ag daoine sa cheantar as an gcailín seo. Sonraíodh na cúiseanna imní seo agus dhearbhaigh gairmithe don údarás áitiúil go raibh sé seo fíor. Ansin chuir an mháthair in iúl go raibh brú á chur ar a hiníon páirt a ghlacadh in iompraíocht fhrithshóisialta; go raibh iompraíocht fhrithshóisialta á dhéanamh i gcoinne an teaghlaigh agus na maoinne acu; agus chomh fada agus a d'fhan siad sa cheantar go mbeadh an teaghlach agus an leanbh i mbaol.

Imscrúdú an OCO

Tar éis don OCO réamhscrúdú a dhéanamh, d'eisigh an Oifig litir ag cur in iúl go réachtálfaí imscrúdú mura rachfaí i ngleic leis an scéal. Níor chuir an t-údarás áitiúil dóthain eolais ar fáil agus bhí ceisteanna fós le freagairt maidir leis na nithe seo a leanas:

- Tráth a raibh eolas ar fáil don Údarás Tithíochta faoi shábháilteacht an linbh, conas agus cathain ar breithníodh sábháilteacht agus leas an linbh sa phróiseas?

- Cad iad na céimeanna a ghlac an tÚdarás Tithíochta chun a beartas maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta a chur i bhfeidhm, ag dul i gcomhairle leis na gníomhaireachtaí iomchuí (FSS agus na Gardaí) agus ag dul i ngleic leis na cúiseanna imní a ardaíodh?

Toradh

Tar éis a mholadh go ndéanfaí imscrúdú ar an scéal rinne an gearánach teagmháil leis an OCO chun a chur in iúl don Oifig go raibh an Chomhairle tar éis tithíocht a thairiscint don teaghlach i gceantar eile ina mbraithfeadh sí sábháilte.

Ina dhiaidh sin dhearbhaigh an Chomhairle go ndearna siad an tairiscint agus gur ghlac an teaghlach léi.

Meabhairshláinte

An gearán

Rinne duine óg 16 bliana d’aois teagmhail leis an Oifig chun gearán a dhéanamh gur cuireadh é in aonad d’othair chónaitheacha sa tSeirbhís Mheabhairshláinte do Leanaí agus Ógánaigh (SMLÓ) ar feadh 6 mhí nuair nach raibh gá leis sin. Bhí an duine óg den tuairim nach raibh gá aige leis an gcúram cónaitheach. Bhí foireann SMLÓ den tuairim freisin nach raibh gá aige le cúram cónaitheach. Cuireadh an duine óg san aonad sin tar éis géarchéim ghearrthéarmach; ach nuair a bhí an ghéarchéim sin thart, níor scaoileadh é amach chun fillleadh ar an mbaile agus níor ceadaíodh iarratais a rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar na haonaid chónaitheacha. Bhain a ghearán leis an méid ama a ghlac sé socrúchán iomchuí cónaitheach a aimsiú dó, go háirithe ceann a bhí cóngarach go leor d’áras an teaghlach ionas go mbeadh an teaghlach is ann teacht agus cuairt a thabhairt air.

Imscrúdú an OCO

Rinne an OCO athbhreithniú ar an eolas a cuireadh ar fáil ar dtús agus i bhfianaise ainspianacht an ghearáin, chinn an OCO feidhmiú go gasta ar an gcás agus cruinnithe duine le duine a lorg le foireann Oibre Sóisialta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bhí ag plé leis an ngearánach agus le foireann SMLÓ a bhí ag déanamh cúraim den ghearánach

Toradh

Go luath tar éis idirghabháil an OCO, fuarthas áit don duine óg in aonad a bhí i bhfad níos oiriúnaí chun freastal ar a riachtanais.

Fócas ar shaincheisteanna téamacha

Chuir an Oifig san áireamh freisin raon saincheisteanna nua a cuireadh faoina bráid, a mb’fhéidir nach leor iad chun imscrúdú a dhéanamh, ach ar cúis imní iad fós féin agus nár mhiste iad a iniúchadh go pointe áirithe.

Sin mar a sheas an scéal le linn 2013 agus seo a leanas sa chéad rannóg eile roinnt de na ceisteanna a ndearnadh imscrúdú orthu.

1. Fóram Gearáin & Imscrúduithe

Chomh maith leis na cruinnithe oibríochtúla, faoi fheidhm Gearán na hoifige, tháinig baill d'fhoireann shinsearach an OCO le chéile gach mí chun a chinntiú go mbainfí an leas is éifeachtaí agus ab fhéidir as na cumhachtaí atá ag an Oifig faoin Acht um Ombudsman do Leanaí (2002) agus an Oifig ag freagairt do shaincheisteanna téamacha arna n-ardú leis an oifig. Féachadh, trí mheán an fhórait sin, le saineolas comhthiomsaithe bhaill foirne na hOifige a úsáid chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin ar léir nach raibh faoi scáth réimse ar leith.

Is é aidhm an fhórait iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna a chuirtear faoi bhráid na hOifige ach nach ndéantar déileáil leo mar ghearáin ar leithligh. D'áireofaí ina measc saincheisteanna

- nach léir go dtagann siad faoi scáth na rannóige gearán agus imscrúduithe;
- ar féidir dul i glic leo mar ghearáin indibhidiúla ach a bhféadfaí toradh níos fearr agus níos tráthúla a bhaint amach dóibh trí leas a bhaint as cumhachtaí an OCO faoi ailt eile den Acht seachas an chuid den Acht a bhaineann le gearáin agus imscrúduithe;
- a chuirtear go díreach faoi bhráid an Ombudsman do Leanaí lasmuigh den fhormaid a bhaineann le gearáin; nó
- a leagtar béim orthu laistigh dár n-obair reachtúil nó chumarsáide.

Tháinig an Fóram seo le chéile le linn 2013 agus cuireadh i bhfeidhm roinnt de na moltaí a rinneadh maidir leis na saincheisteanna, mar atá sonraithe thíos:

- *Glacadh le hÁrachas Sláinte do leanaí* – Ardaíodh cúis imní leis an Oifig seo i ndáil le saincheist ar leith a bhain le clúdach árachais do leanaí a raibh riocht leighis réamhbheitheach orthu. De réir dealraimh, i gcás go bhfuil polasaí príobháideach árachais sláinte ag tuismitheoir, de ghnáth níl leanbh a uchtaítear clúdaithe i leith na ríochtaí leighis sin ar feadh tréimhse cúig bliana. Seo i gcomparáid le leanbh a rugadh do na tuismitheoirí le polasaí árachais, agus bheadh na leanaí sin clúdaithe go huathoibríoch is cuma cibé riocht leighis a bheadh acu.

De réir na reachtaíochta a chlúdaíonn an réimse seo, níl sé de cheangal leanaí uchtaithe a chlúdach i bpolasaí árachais ar an gcaoi chéanna le leanaí a bheirtear sa teaghlach sin. Sonraítear i Rialacháin a rinneadh faoin Acht Árachais Sláinte, 2004 – arna leagan amach in I.R. 332 de 2005 - na tréimhsí uasta feithimh do chlúdach árachais do ríochtaí réamhbheitheacha; is faoi na soláthraithe árachais sláinte iad féin beartú ar cibé acu tréimhse feithimh a fhorchur nó gan é sin a dhéanamh nó beartú ar thréimhse feithimh níos giorra a fhorchur má theastaíonn uathu.

Chomh maith leis sin, féadfaidh tuismitheoirí a bhfuil an polasaí ábhartha árachais acu aon leanbh a rugadh dóibh a chur láithreach bonn ar an bpolasaí sin; ní gá dóibh athnuachan a dhéanamh ar an bpolasaí nó an polasaí a leasú láithreach. Is cosúil nach bhfuil sé seo amhlaidh i gcás polasaithe árachais tuismitheoirí leanaí a uchtaítear.

Ina fhianaise seo, rinne an Oifig teagmháil leis an Aire Sláinte agus mhol go ndéanfaí leasú ar na Rialacháin arna leagan amach in I.R. 332 de 2005 ionas go gceadófaí eisceacht le haghaidh leanaí uchtaithe don phrionsabal ginearálta a bhaineann le ríochtaí réamhbheitheacha leighis gan a beith clúdaithe, agus chun go ndéanfaí foráil le go bhféadfaí leanaí uchtaithe a chur ar pholasaithe árachais a dtuismitheoirí sa chaoi chéanna le leanaí a rugadh don teaghlach sin. Bhí an t-aiseolas dearfach ina leith seo agus cuireadh in iúl go bhfuil na saincheistean a d'ardaigh an OCO atreoraithe anois chuig an bhFoghrúpa um an bhFóram Comhairliúcháin maidir le hÁrachais Sláinte a scrúdaíonn saincheistean reachtúla.

- *Seirbhísí ortódótacha do dhaoine óga* – Fuair an Oifig gearáin faoi fhad na liostaí feithimh do dhaoine óga i gcatagóirí áirithe, a chiallaigh go praiticiúil nach bhfaighidís riamh cúram fiacloireachta. Rinne an Oifig teagmháil leis an Roinn Sláinte a chuir in iúl don Oifig go raibh Príomhoifigeach Fiacloireachta nua fostaithe agus i measc na hoibre a bheadh mar chúram ar an bPríomhoifigeach sin bheadh athbhreithniú ar ghnéithe áirithe den bheartas a bhaineann le sláinte béil.

Ó shin i leith bhí an Oifig i dteagmháil leis an bPríomhoifigeach Fiacloireachta ag féachaint lena thuairim a fháil i ndáil leis an cúiseanna imní a d'ardaíomar.

- *Rochtain ar phornagrafaíocht trí thimpiste* – Bhí roinnt tuismitheoirí buartha go raibh sé chomh héasca sin do leanaí óga rochtain a fháil ar phornagrafaíocht trí thimpiste. Bhí plé againn leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha chun an cheist a phlé leo faoi scagadh a dhéanamh ar ábhar idirlíne agus chun breac-chuntas a fháil uathu ar a mbeartas ina leith sin. Tá súil á choinneáil againn ar an scéal faoi láthair.
- *An fhreagracht atá orthusan a fhaigheann cóiríocht ar cíós ó Údarás Áitiúla* – Maidir le ceist na tithíochta, thug an Oifig seo faoi deara go bhfuil difríocht ann sna leibhéil freagrachta atá orthusan a fhaigheann cóiríocht ar cíós ó údarás áitiúla agus orthusan a fhaigheann cóiríocht ar cíós ar bhonn príobháideach. Is cosúil go bhfuil dliteanas níos mó ar thionóntaí an Údarás Áitiúil ná mar atá orthusan a fhaigheann cóiríocht ar cíós ó Thiarna Talún ar bhonn príobháideach, maidir le míreanna a athsholáthar sa teach acu i gcás go ndéantar damáiste dóibh, mar thoradh ar iompraíocht fhrithshóisialta, bíodh sin ina iompraíocht fhrithshóisialta a raibh siad féin ina bun nó iompraíocht fhrithshóisialta duine eile. I gcás go mbristear fuinneog mar thoradh ar iompraíocht fhrithshóisialta comharsa agus go bhfuil tionónta ag íoc cíosa le tiarna talún príobháideach, is ar an tiarna talún sin, bunaithe ar rialacháin ó 2008, atá an dualgas an fhuinneog a dheisiú dóibh. Ar an taobh eile de, más é an tÚdarás Áitiúil an tiarna talún, is ar na tionóntaí féin atá an dualgas an fhuinneog sin a dheisiú, agus tá sé sin sonraithe ina gcomhaontú tionóntachta. Mar thoradh air seo, tharla sé go raibh ar Oifigigh Leasa Pobail maoiniú speisialta a sholáthar do thionóntaí Údarás Áitiúil ó am go chéile chun míreanna a dheisiú i gcás gurb é an ról a bhí acu tacú le daoine ar ioncam íseal trí nithe a sholáthar dóibh amhail bia, teas, bróga do leanaí nó iompar. Ag eascairt uaidh sin scríobh an Oifig seo chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir leis an gceist agus cuireadh an cheist faoi bhráid an Aire Stáit Jan O'Sullivan a bhfuil freagracht uirthi as Tithíocht agus Pleanáil agus atá ag lorg comhairle dlí ar an gceist faoi láthair.

2. Soláthar díreach

